



**Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0151(COD)**

13052/1/18
REV 1

CODEC 1648
AUDIO 77
DIGIT 197
CONSOM 276
TELECOM 333

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2010/13/AE ón gComhairle maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh (an chéad léamh) - Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. Ar an 26 Bealtaine 2016, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite¹, atá bunaithe ar Airteagal 53(1) agus Airteagal 62 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.
2. Ar an 2 Deireadh Fómhair 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstiúidí air, agus dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis².

¹ 9479/16.

² 12689/18.

3. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 19 Deireadh Fómhair 2016³.
4. Ar an 7 Nollaig 2016, thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh⁴.
5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, mar sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle
 - an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 33/18 é, a fhorghéar mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, leis an Danmhairg, an Ísiltír, Poblacht na Seice, an Fhionlainn agus Éire ag vótáil ina choinne agus Lucsamburg agus an Ríocht Aontaithe ag staonadh ón vótáil;
 - a ordú go ndéanfar na ráitis atá in aguisín 1, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhorghéar an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

I ndiaidh d'Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle an gníomh reachtach a shíniú, déanfar é a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

³ IO C 34, 2.2.2017, lch. 157.

⁴ IO C 185, 9.6.2017, lch. 41.